

# An é Tobar an Dúchais Tobar an Dóchais?

Máire Ní Neachtain

(CATHAOIRLEACH: MÁIRE NÍ ANNRACHÁIN)

Tá mé fíorbhuíoch den Ollamh Máire Ní Annracháin agus den Scoil ar fad as cuireadh a fháil chun an chaint seo a thabhairt.<sup>1, 2</sup> As ceantar an Spidéil dom féin agus, dár ndóigh, b'as an gceantar céanna Máirtín Ó Cadhain chomh maith. Ní fhéadfainn a rá go raibh aithne phearsanta agam air ach tógadh i dteach mé a raibh an-mheas go deo air ó thaobh a chuid scríbhneoireachta, ó thaobh a chumais agus ó thaobh a dhiongbháilteachta don teanga agus do chúis a phobail féin, do chúis na Gaeilge agus do chúis na Gaeltachta go háirid. Tá cuimhne amháin agam ar é a fheiceáil. Bhí mé i mo pháistín óg, ach bhí mé ag dul chun na scoile, mar a bhí mo dheirfiúr is mo dheartháir chomh maith céanna ag an am. Bhí muid ag teacht abhaile ón scoil agus sheas m'athair mar a dhéanfadh go minic ag an mBungaló, mar a bhíodh air an t-am sin—Siopa Standúin anois—agus bhí muid go mífhoighdeach, dár ndóigh, mar a bhíonn gasúir i gcarranna le hathracha, ag fanacht go dtiocfadh sé ar ais chuig an gcarr, ach diabhal deifir a bhí ar an bhfear mar go raibh sé ag caint le Máirtín Ó Cadhain. Cé gur gasúir an-óg a bhí ionainne sa gcarr an lá sin, thuig muid go raibh sé ag caint le fear an-tábhachtach. Tá mé in ann iad a fheiceáil fós, go ndéana Dia grásta ar an mbeirt acu, iad ina seasamh ansin ag an mBungaló, taobh amuigh agus, má tá daoine anseo as ceantar an Spidéil, cuimhneoidh sibh ar na boird a bhíodh taobh amuigh den siopa agus na mataí sin de chraiceann caorach a bhíodh leagtha orthu; an bheirt acu caite siar i gcoinne na mbord céanna agus iad ag comhrá. Nuair a chuimhním ar Mháirtín Ó Cadhain, sin cuimhne amháin a thagann chugam.

Nuair a tugadh cuireadh dom an chaint seo a thabhairt, bhí mé ag iarraidh a theacht ar théama a mbeadh baint aige leis an gCadhach agus le mo chuid sainspéiseanna féin. Is cinnte, gan dabht ar bith, gur roinneamar an Ghaeltacht ina hábhar spéise dúinn beirt. Is fada an tobar mar mheafar don Ghaeltacht: foinse gur féidir tarraingt uirthi le teacht ar bhunáit ní hamháin don teanga féin ach don chultúr agus don tsaíocht a bhaineann leis na tuiscintí seanbhunaithe atá ag Éireannaigh ar thraidisiún agus ar dhúchas. Ní raibh le déanamh ach sciúird a thabhairt ann, d'fhéadfaí bolgam breá a ól as an mbunphointe seo agus chothófaí an té a mbeadh breisiú follúsach nó folaithe uaidh/uaithe. Ní call liodán a dhéanamh den athrú saoil agus athrú pobail sa nGaeltacht ná ar an athrú atá ag teacht ar phobal na Gaeilge taobh amuigh di. Anois, tráth a bhfuil an bás á thuar don Ghaeltacht agus an Rialtas ag beartú straitéisí a chuirfidh le líon na gcainteoirí Gaeilge, cá bhfuil an tobar a thaosfar leis an dóchas seo a chothú?

Sa gcaint seo, díreoidh mé ar chúpla gné, a fheictear domsa a bheith tábhachtach, ag eascairt as an *Straitéis Fíche Bliain don Ghaeilge 2010–2030* a d'fhógair an Rialtas trí bliana ó shin (2009). Seo an beart is deireanaí ar bhóthar an-fhada d'athréimniú, gaelú, athghaelú, athbheochan nó pé ar bith cén briathar is feiliúnaí le húsáid faoi láthair ina chomhair sin. Níl a fhios agam féin cé acu ceann is fearr ach féachfaidh mé le breathnú ar roinnt gnéithe a bhaineann leis sin agus ceisteoidh mé an féidir a bheith ag brath ar an tobar dúchais sin le dóchas a chur sa méid atá i gceist leis an *Straitéis Fíche Bliain* seo. Nuair a bunaíodh an Stát, b'éigean cinneadh a ghlacadh maidir le cúrsaí teanga agus deimhníodh go mbeadh dhá theanga oifigiúla, Gaeilge agus Béarla, in úsáid sa Stát nua. Dheimhnigh an Bunreacht in 1937 go bhfuil dhá theanga oifigiúla againn ach gurb í an Ghaeilge an teanga náisiúnta. De bharr na Gaeilge a bheith i bhfad níos laige ó thaobh líon cainteoirí, úsáide agus feidhme de, b'éigean beartais a chur i dtoll a chéile le go bhféadfadh an Ghaeilge stádas teanga oifigiúil agus náisiúnta a bheith aici. Fágann sin go bhfuil an Ghaeilge ar chláir chuile rialtas a bhí ann ó bunaíodh an Stát.

Ón tús, aithníodh go raibh tábhacht ar leith ag roinnt leis an nGaeltacht in athréimiú na Gaeilge. Cuireadh Coimisiún na Gaeltachta ar bun sa mbliain 1926 le go saineofaí go díreach cá raibh an Ghaeltacht agus is as sin ar ndóigh a tháinig an coincheap den Bhreac-Ghaeltacht, áit a raibh os cionn 25% den phobal ag labhairt na Gaeilge go rialta, agus an Fhíor-Ghaeltacht, ceantar ina raibh 80% ar a laghad ag labhairt na Gaeilge.

Déanadh tuarascálacha agus staidéir agus taighde go leor ó shin agus luaim *Tuarascáil an Choimisiúin um Athbheochan na Gaeilge* sa mbliain 1965 agus *Committee on the Irish Language, Attitudes and Research* sa mbliain 1975 mar chuid de na tuairiscí ba thábhachtaí acu sin. Ní rialtais amháin a bhí i mbun tuairiscí agus taighde. Bhí a gcuid taighde féin á dhéanamh agus a gcuid tuiscintí féin ar an ábhar á roinnt ag daoine aonair agus ag eagrais éagsúla freisin. Chaith